## An Coimisinéir Teanga - Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Tá spriocdhátaí reachtúla gan chomhlíonadh ag cruthú marbhántachta in iarrachtaí an Rialtais feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge

Ina thuarascáil bhliantúil do 2025, tá An Coimisinéir Teanga, Séamas Ó Concheanainn, tar éis aird a tharraingt ar mhoilleanna suntasacha atá le cur i bhfeidhm reachtaíocht teanga náisiúnta, rud atá ag sárú chearta teanga lucht labhartha na Gaeilge. Is é aidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, arna leasú, cur go mór le soláthar seirbhísí poiblí i nGaeilge. Mar sin féin, breis agus ceithre bliana tar éis achtú an Achta in 2021, tá príomhchodanna den reachtaíocht gan cur i bhfeidhm go fóill, agus spriocdhátaí reachtúla a bhain leo gan chomhlíonadh. I measc na bhforálacha reachtúla nár cuireadh i bhfeidhm fós, tá córas nua na gcaighdeán teanga, a leagfaidh amach na seirbhísí nua a bheidh dualgas ar chomhlachtaí poiblí a sholáthar i nGaeilge. Leagfaidh córas na gcaighdeán teanga amach freisin na leibhéil inniúlachta sa Ghaeilge a chaithfidh a bheith ag fostaithe san earnáil phoiblí a beidh ag seachadadh na seirbhísí sin.

Is ar an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta atá an fhreagracht Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú, a chur i bhfeidhm anois. Is amhlaidh atá ach ar aistríodh na dualgais i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin i dtús 2025 tar éis bhunú an Rialtais nua.

"Fágann an mhoill shuntasach atá le córas na gcaighdeán teanga a bhunú go bhfuil bunchloch Phlean Náisiúnta 2024 an Rialtais chun seirbhísí poiblí i nGaeilge a fheabhsú in easnamh fós. Ba é Nollaig 2024 an spriocdháta reachtúil a bhain leis an gcóras a chur i bhfeidhm de réir Acht leasaithe 2021. Dá bhrí sin, níl seirbhísí poiblí riachtanacha i nGaeilge ar fáil fós ar fud na hearnála poiblí. Is den riachtanas anois é

go gcuirfí córas na gcaighdeán teanga i bhfeidhm ina iomláine gan a thuilleadh moille," a dúirt An Coimisinéir Teanga, Séamas Ó Concheanainn.

Anuas ar na caighdeáin teanga nár cuireadh i bhfeidhm fós, níor foilsíodh treoirlínte reachtúla áirithe go fóill ach an oiread. Leagadh béim in imscrúdú reachtúil ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) ar an ngéarghá atá ann go bhfoilseodh an tAire na treoirlínte reachtúla a leagfaidh dualgas ar chomhlachtaí poiblí amhail ÚFIÉ – comhlachtaí a chuireann raon fairsing seirbhísí poiblí agus tacaí ar fáil – foirmeacha iarratais oifigiúla a sholáthar i nGaeilge nó go dátheangach. Bhíothas ag súil go bhfoilseofaí na treoirlínte reachtúla seo faoi Mhárta 2025 ar a dhéanaí. Fuarthas amach san imscrúdú reachtúil céanna gur sháraigh ÚFIÉ alt 9(2) d'Acht na Teanga Oifigiúla 2003, arna leasú, ach ar tugadh freagra i scríbhinn i mBéarla ar chomhfhreagras i scríbhinn i nGaeilge ó dhuine den phobal.

Chinn imscrúdú reachtúil eile gur sháraigh Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC) alt 18(1) den Acht. Tharla an sárú mar gheall gur chlis ar BOOGRC córas foirmiúil measúnaithe agus dearbhaithe inniúlachta Gaeilge a chur i bhfeidhm agus post bainistíochta sinsearaí mar stiúrthóir á earcú, rud a raibh ceanglas air ina leith de bhun gealltanais ina Scéim Teanga Oifigiúil.

Leag An Coimisinéir Teanga béim freisin ina thuarascáil ar an easpa comhordúcháin náisiúnta i dtaca leis an sprioc earcaíochta 20% a bhaint amach maidir le baill foirne atá inniúil i nGaeilge. Luaitear sa tuarascáil an t-easnamh reatha atá le feiceáil maidir le maoirseacht agus tuairisciú leanúnach i dtaca le dul chun cinn. Riachtanais iad seo a thagann faoi scóip fheidhmeanna an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge, coiste a bhunaigh an tAire chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta. Is bac suntasach é an ganntanas foirne atá inniúil i nGaeilge ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge a fheabhsú faoi láthair agus is gné é a thagann aníos go coitianta sa 600 gearán a fhaigheann m'Oifig gach bliain.